Acht na Gaeilge: Plécháipéis

Comer, N. (2017). *Acht na Gaeilge: Plécháipéis*. Conradh na Gaeilge.

Link to publication record in Ulster University Research Portal

Publication Status:
Published (in print/issue): 15/03/2017

Document Version
Publisher's PDF, also known as Version of record

General rights
The copyright and moral rights to the output are retained by the output author(s), unless otherwise stated by the document licence.

Unless otherwise stated, users are permitted to download a copy of the output for personal study or non-commercial research and are permitted to freely distribute the URL of the output. They are not permitted to alter, reproduce, distribute or make any commercial use of the output without obtaining the permission of the author(s).

If the document is licenced under Creative Commons, the rights of users of the documents can be found at https://creativecommons.org/share-your-work/cclicenses/.

Take down policy
The Research Portal is Ulster University's institutional repository that provides access to Ulster's research outputs. Every effort has been made to ensure that content in the Research Portal does not infringe any person's rights, or applicable UK laws. If you discover content in the Research Portal that you believe breaches copyright or violates any law, please contact pure-support@ulster.ac.uk

Download date: 24/04/2025

Acht na Gaeilge: Pléchaipéis

Irish Language Act: Discussion document

Leagan 1.1.

15 Márta 2017

Conradh na Gaeilge

Acht Gaeilge: Fíor nó Bréagach

Ag bréagnú roinnt den 'nuacht bhréagach' atá bainte le hAcht Gaeilge, agus an costas a bheadh leis.

BRÉAGACH

COSTAS

"Chosnódh acht teanga £100m, nó £30m fiú amháin, sa bhliain."

STÁTSEIRBHÍS

"Beidh ar gach duine sa státseirbhís a bheith líofa sa Ghaeilge, agus beidh orthu siúd atá sa chóras í a fhoghlaim."

DLINSÍ EILE

"Níor oibrigh Acht na Gaeilge ó dheas, cad chuige, mar sin, a n-oibreodh sé anseo."

CIONTA COIRIÚLA

"De réir acht teanga, beidh cionta coiriúla ann do dhaoine aonair nó comhlachtaí poiblí má theipeann orthu a ndualgais a chomhlíonadh."

FÍOR

COSTAS

Ní bhrisfeadh acht an banc - ní bheadh costas níos mó ná £4m sa bhliain leis.

STÁTSEIRBHÍS

Le cinntiú go gcosnófar cearta Gaeilgeoirí, beidh gá ann go mbeadh céatadán beag áirithe inniúil go leor chun seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge.
Ní chuirtear ar éinne í a fhoghlaim, ach beidh an deis sin ag achan duine.

DLINSÍ EILE

Oibríonn go leor de ghnéithe an Achta ó dheas go maith, agus gan é bheadh cás phobal na Gaeilge i bhfad Éireann níos measa. Agus muid ag cur an Achta le chéile, thig linn foghlaim ó/tógáil ar na dea-chleachtais ar fad ón deisceart, ó Albain, agus ón Bhreatain Bheag.

CIONTA COIRIÚLA

D'fheidhmeodh acht cosúil le píosaí reachtaíochta comhionannais eile, agus ní bheadh aon cionta coiriúla ar bith mar thoradh air, do dhuine aonair nó comhlacht poiblí ar bith.

Conradh na Gaeilge

Irish Language Act: Mythbusting

Mythbusting some of the 'fake news' surrounding what an Irish Language Act would involve and how much it would cost.

FALSE

COST

"A language act would cost £100m, or even £30m, a year."

CIVIL SERVICE

"Everyone in the civil service will have to be fluent in Irish, and those already in the system will have to learn it."

OTHER JURISDICTIONS

"The Irish Language Act hasn't worked in the Republic of Ireland, so why would it work here."

CRIMINAL OFFENCES

"Under a language act there will be criminal offences for individuals or public bodies who fail in their obligations"

TRUE

COST

An act wouldn't break the bank, and would cost **under £4m a year.**

CIVIL SERVICE

A certain, small, percentage will have to be competent enough to provide services through Irish, to help ensure Irish speakers' rights are protected.
No one will be forced to learn it, but everyone will have the opportunity.

OTHER JURISDICTIONS

Many aspects of the Act in the Republic work very well, and without one the situation for the Irish language community would have been much worse. An act here can learn from and build upon the best practices from the Republic,as well as Wales an Scotland.

CRIMINAL OFFENCES

An act would work like other pieces of equality legislation, and **would not** result in any criminal offences for any individual or public body.

Conradh na Gaeilge

Clár

		Lth / Page
Intreoir: Cad chuige a bhfuil Acht Gaeilge de dhíth?	Introduction: Why do we need an Irish Language Act?	4
Cad é atá sa cháipéis seo?	What is in this document?	6
Achoimre Fheidhmeach	Executive Summary	8
Príomhphointí den Acht	Key elements of the Act	10
Briseadh síos ar Acht	Breakdown of an Act	12
Aguisíní:	**Appendices:**	
Aguisín A:	Appendix A:	30
Aguisín B:	Appendix B:	32
Aguisín C:	Appendix C:	34

Intreoir: Cad chuige a bhfuil Acht na Gaeilge de dhíth?

Tá an iliomad fáth ann d'Acht. Cé acu a dhéanann muid tagairt de ról stairiúil na Gaeilge; den fhéinchumhachtú a bhaineann leis an Ghaeilge a fhoghlaim; den tábhacht cultúrtha roinnte atá léi; de na gealltanais a rinneadh i gcomhaontú Aoine an Chéasta agus comhaontú Chill Rímhinn; nó de na cairteacha Eorpacha agus idirnáisiúnta a dhearbhaíonn na réimsí leithne d'fhreagrachtaí reachtúla atá ar rialtais chun mionteangacha a chosaint; leo féin is cúis go leor gach ceann de na fáthanna sin chun Acht na Gaeilge a chur i bhfeidhm.

Ach níl tagairt ann ansin don chúis is bunasaí, dóshéanta le hacht a chur i gcrích. Sin é, go bhfuil ann do phobal na Gaeilge ó thuaidh. Is pobal iad a labhraíonn an Ghaeilge, a thugann tacaíocht nach beag di, a fhoghlaimíonn faoin domhan inti, agus pobal a bhfuil fás milteannach tagtha uirthi le blianta beaga anuas (meastar i gceann seacht bliana go mbeidh dúbláil ar an 6,000 duine a fhreastalaíonn ar an chóras oideachais trí mheán na Gaeilge ó thuaidh). Agus faoi láthair níl aon chosaint ón stát ann don phobal seo ar nós atá ann do chainteoirí Breatnaise sa Bhreatain Bheag. Mar sin de tá sé de chumhacht ag an stát leatrom nó neamhaird a léiriú ar phobal na Gaeilge, agus gan aon meicníocht dlíthiúil ann le dul i ngleic leis sin. Sampla soiléir a bhí i gcás Líofa ar na mallaibh, ach ba shampla beag é de phatrún leanúnach fadtréimhseach.

Faoi láthair tá todhchaí phobal na Gaeilge, agus todhchaí na teanga í féin, ag brath go hiomlán ar dhearcaidh phearsanta feidhmeannaigh agus airí. Tá géarghá le hAcht na Gaeilge le cosaint reachtúil, dlíthiúil a thabhairt don teanga is dá pobal, agus leis an teanga í féin a shlánú agus a neartú, rud a bheadh ar leas an phobal ar fad i gcoitinne.

Tá deis ar leith againn sa tréimhse stairiúil seo. Don chéad uair riamh, i ndiaidh an toghcháin is déanaí, tá tromlach de na comhaltaí sa Tionól Reachtach i bhfách le hAcht na Gaeilge. Ní mór dúinn an deis sin a thapú, beart a chur le briathar, agus Acht na Gaeilge a chur i bhfeidhm.

Introduction: Why is an Irish Language Act needed?

There are many reasons for an Act. Whether we refer to the historical role of Irish or to the self-empowerment that comes with learning Irish or to the importance of its shared heritage, or to the promises made in the Good Friday Agreement and the St. Andrew's Agreement or to the European and International charters that affirm the wide range of statutory responsibilities incumbent on the Government to defend minority languages, they are reasons within themselves to implement an Irish Language Act.

This, however, does not make reference to the simplest and undeniable reason to implement an act. That is, that an Irish Language community exists in the North. They are a community that speak Irish, that fully support Irish, that learn about the world through Irish, and it is a community that has had a monumental growth in the last few years (it is estimated that the 6,000 people who use the Irish education system in the North will double in the next 7 years).
At present, this community has no protection in the same way as Welsh speakers in Wales do. Therefore, the state has the power to ignore the Irish Language Community or to oppress it, and no legal mechanism exists to address this. The case of *Líofa* recently highlighted this, and was a further example of a continuous, long-term pattern.

Currently the future of the Irish Speaking Community, and the future of the language itself, depends completely on the personal opinions of executives and ministers. There is a desperate need for an Irish Language Act to provide statutory, lawful protection for the language and its community, and to secure and strengthen the language itself, something that would be beneficial to the community in general.

We have a unique chance in this historic period. For the first time ever, after the recent election, a majority of members in the Assembly are in favour of an Irish Language Act. We must seize this opportunity, act on our words, and implement an Irish Language Act.

Cad é atá sa cháipéis seo?

Is pléchaipéis oibre é seo ar Acht Gaeilge. Ní píosa reachtaíochta é ach briseadh síos ar na rannóga difriúla a bheadh bainte le hacht teanga, le míniúchán ar na rannóga sin, agus moltaí praicticiúla inoibrithe chun iad a chur i bhfeidhm. Tá sé i gceist ag an cháipéis seo daoine a chur ar an eolas faoi cad is ann d'acht Gaeilge, cad chuige a bhfuil forálacha ar leith de dhíth, agus na dóigheanna is fearr chun na forálacha sin a chur i bhfeidhm. Beidh leasuithe déanta ar an bplécháipéis oibre de réir is a thagann moltaí agus eolas breise chun cinn.

Nuair is cuí tá briseadh síos ann ar na costais leis na rannóga éagsúla, agus rud atá fíorthábhachtach, tá moltaí ann ar an dóigh na costais seo a choinneáil chomh íseal agus ar féidir. Mínítear gurb é costas aon uaire é go leor den chostas a bhaineann leis an Acht seo a chur i bhfeidhm. In aon teach, a oiread insliú a chuireann tú isteach ag an tús, agus is éifeachtaí a chuirtear isteach é, is lú airgid a bhíonn ort a chaitheamh bliain i ndiaidh bliana ag iarraidh an teach a choinneáil te. Is 'insliú' é Acht teanga do phobal na Gaeilge. Insliú a chosnaíonn an pobal sin roimh ionsaithe agus neamhaird. Mar sin de, is éifeachtaí a chuirtear na rannóga éagsúla i bhfeidhm is i bhfad Éireann níos mó airgid agus oibre a shábháiltear sa mheántéarma agus san fhadtéarma.

Ar ndóigh, beidh costas éigin ann. Ach léirítear go soiléir sa chaipéis seo gur costas fíor-réasúnta é, go háirithe má chuirtear an tAcht i bhfeidhm i gceart agus le dea-thoil.

What is in this document?

This is a discussion piece on an Irish Language Act. It's not a piece of legislation but a break-down of the different sections that would be involved in a language act, with an explanation of these sections, and particular proposals that are workable to implement them. It is the purpose of this document to inform people on what is involved with an Irish Language Act, why provisions to the act are needed, and the best ways to implement said provisions. Changes will be made to the working discussion piece as new proposals and information come to light.

When relevant a breakdown of the costs to the various departments has been provided, and there are important recommendations as to how to keep this cost as low as possible. It is explained that a significant amount of the costs required to implement this Act are one-off costs. In a home, the amount of insulation you initially install, and how effectively it is installed, the less it costs year after year trying to keep the house warm. The Language Act is 'Insulation' for the Irish Language community. Insulation that protects that community from attacks and neglect. Therefore, the more effective these departments are implemented, the more money and work are saved in the medium-term and in the long-term.

There will be some expense, of course. This document highlights, however, that it is a very reasonable cost, especially if the Act is implemented properly and willingly.

Achoimre Fheidhmeach

Moltar thíos go mbeadh 11 rannóg mar chuid d'aon acht Gaeilge. Ina measc tá forálacha a bhaineann le Stadás Oifigiúil na Teanga; An Ghaeilge sa Tionóil, sa Rialtas Áitiúil, agus i gComhlachtaí Poiblí; an Ghaeilge agus an BBC; An Ghaeilge san earnáil Oideachais; Coimisinéir Teanga; agus Logainmneacha.

Is é £9m an costas aon uaire, tosaithe a bheadh le hAcht Gaeilge, thar tréimhse 5 bliana. Bheadh seo caite ar na forálacha cuí taobh istigh de thréimhse ama, seachas ciall díreach ag an tús (meánmhéid de c.£1.8m sa bhliain).

Is é £2m an costas bliantúil a bheadh le hAcht Gaeilge, agus tuiscint ann gur féidir an costas sin a choinneáil réasúnta, inoibrithe má chuirtear an tAcht i bhfeidhm i gceart agus le dea thoil. Is ionann seo agus caiteachas de £10m mar sin thar tréimhse 5 bliana.

Meastar chomh maith go mbeadh £8m sa bhreis d'ioncam don gheilleagar ó thuaidh go bliantúil nuair a chomhlíonfar dualgais an BBC do chraolacháin Gaeilge. Is ionann seo agus ioncam de £40m mar sin thar tréimhse 5 bliana.

Sampla amháin de na moltaí praicticiúla, inoibrithe, chun foráil a chuir i bhfeidhm ar bheagchostas is é an moladh i dtaca le stáiseanóireacht dátheangach de chuid na ranna rialtais. Moltar go ndéantar uasdátú ar an stáiseanóireacht nuair atá an an stoc reatha rite – mar sin de níl costas breise leis, is gnáthchostas ordú stáiseanóireachta atá i gceist, sa chás seo le stáiseanóireacht uasdátaithe. Tá an caipéis seo lán den chinéal seo moladh.

Beidh costas éigin le hAcht Gaeilge a chur i bhfeidhm. Ach an rud a léirítear arís is arís eile sa cháipéis seo nach costas dódhéanta, thar fóir a bheadh i gceist – líomhaint a chuirtear chun tosaigh go minic gan na fíricí é a chosaint. A mhalairt atá fíor, is costas réasúnta, inoibrithe a bheadh ann. Níos tábhachtaí arís, is infheistiú a bheadh ann i bpobail an Tuaiscirt i gcoitinne.

Executive Summary

It is suggested that there would be 11 sections as part of the Irish Language Act. Included in this are provisions which concern the Official status of the language; Irish in the Assembly, in Local Government, and in Public Companies; Irish and the BBC; Irish in the Department of Education; a Language Commissioner; and Place-Names.

£9m is the one off cost, The Irish Language Act would be started over a five-year period. This would be spent on the appropriate demands within that period of time, as opposed to directly at the beginning. An average of £1.8m a year.

The annual cost of the Irish Language Act would be £2m, with an understanding that this cost could be kept reasonable and workable if the Act was put in place properly with good will. This would add up to £10m of expenditure over a five-year period.

It is estimated also that there would be an additional £8m extra spending yearly in the economy in the north when the BBC fulfils its obligations to Irish language programming. This would add up to £40 of extra income over a five-year period.

One example of the practical workable suggestions to implement provisions at low cost regards bilingual stationary in government departments. It is suggested that stationary should be updated when the current stock has run out- therefore this incurs no extra cost, and the cost would be the normal cost of ordering updated stationary. This document contains a considerable number of suggestions like this.

There will be some cost involved in implementing an Irish Language Act. What is shown again and again in this document is that it is not an unfeasible and unreasonable cost that would be involved- an allegation which is often made without the facts to back it up. Contrary to this, it is a reasonable cost, and a cost that would be practical. More importantly, it would represent an investment in the people of the North in general.

CAD É A BHEADH I GCEIST LE hACHT NA GAEILGE, MAR SIN?

Seo briseadh síos daoibh ar roinnt de na príomhfhoinsí a bhaineann le plécháipéis Chonadh na Gaeilge, agus an tábhacht atá leo.

1

STÁDAS OIFIGIÚIL

Ag tabhairt aitheantais don Ghaeilge mar cheann de na teangacha oifigiúla ó thuaidh, taobh leis an Bhéarla. Beart simplí ach ríthábhachtach a chosnódh cearta mionlaigh Gaeilgeoirí.

2

SEIRBHÍSÍ

Ag éascú comhlachtaí poiblí chun bunleibhéal idirghníomhaithe trí Ghaeilge a chur ar fáil do phobal na Gaeilge.
Tús áite a thabhairt do na comhlachtaí poiblí sin a mbíonn leibhéal idirghníomhaithe níos airde acu, agus ag teastáil coimitmintí ar nós foirmeacha agus suíomhanna idirlín ar fáil trí Ghaeilge.

3

COSTAS: FAOI £4M SA BHLIAIN

Míníonn an plécháipéis nach mbrisfeadh acht teanga an banc, go n-íoslaíonn an costas de réir ama, agus gur infhéistíocht é, i bhfírinne, in sa Tuaisceart ar an iomlán.

4

MOLTAÍ PRAICTIÚLA

Tugann an phlécháipéis eolas ar bheart moltaí praiticiúla, inoibrithe chun Acht Gaeilge éifeachtach, agus ar chostas ciallmhar, a chur i bhfeidhm.
Tá saineolas agus an dea-chleachtas idirnáisiúnta is fearr glactha ar bord againn, chomh maith leis na gnéithe rathúla den reachtaíocht éagsúil sa Bhreatain Bheag, in Albain agus ó dheas.

5

LOGAINMNEACHA & COMHARTHAÍOCHT

Tá feiceálacht na teanga ina cuid lárnach dá forbairt, agus chun a léiriú go bhfuil sé ina cuid tábhachtach dár n-oidhreacht chomhroinnte.
Chun sin a bhaint amach, rithfí reachtaíocht le haghaidh comharthaíochta bóithre atá dátheangach (atá difriúil ó chomharthaíocht sráide) agus le haghaidh aitheantais oifigiúil do logainmneacha Gaeilge. Sa cháipéis seo tá bealaigh ann chun na forálacha sin a chur i bhfeidhm ar bhonn praiticiúil & éifeachtach ó thaobh costais de.

6

FORÁLACHA EILE

Ba chóir don acht cosaint reachtúil a thabhairt don Ghaeloideachas; Ionad Aistriúchán Lárnach a bhunú chun tacaíocht a thabhairt do na comhlachtaí poiblí agus na forálacha éagsúla á gcur i bhfeidhm acu; ardú a dhéanamh ar infhéistíocht an BBC i meáin an Tuaiscirt; Oifig an Choimisinéara Teanga a bhunú chun maoirseacht a dhéanamh.

SO, WHAT WOULD AN IRISH LANGUAGE ACT INVOLVE?

Here's a simple breakdown of some of the key elements of the Conradh na Gaeilge discussion document, and why they're important.

1

OFFICIAL STATUS

Recognising the Irish Language as one of the official languages of the North, alongside English.
A simple but important measure that would protect the minority rights of Irish speakers.

2

SERVICES

Enabling public bodies to provide a certain baseline level of interaction with the Irish Language community through Irish.
Prioritising those bodies that have a higher level of interaction with the public, and requiring commitments such as having forms and websites in Irish.

3

COST: UNDER £4M A YEAR

This discussion document explains how a language act wouldn't break the bank, how the cost goes **down** as time goes on, and how it is actually an investment in the North as a whole.

4

WORKABLE SOLUTIONS

The discussion document details a host of practical, workable solutions to implementing an effective and reasonably costed Irish Language Act.
International best practice has been taken on board, as well as the successful aspects of legislation in Wales, Scotland and the Republic.

5

PLACENAMES AND SIGNAGE

Visibility of the language is key for its growth, and to demonstrate that it's part of our shared heritage.
To achieve this an act would legislate for bilingual road signage (different from street signs) and official recognition for place names in Irish. The document outlines methods to introduce these measures in as cost-effective a manner as possible.

6

OTHER PROVISIONS

The act should provide legislative protections for Irish Medium education; create one Central Translation Unit to support public bodies to implement various provisions; increase BBC investment in media in the North; create the Office of the Language Commissioner to act as an oversight.

Conradh na Gaeilge

	Míniúchán ar na Rannóga Éagsúla den Acht	Costas Tosaithe nó Costas Aon Uaire	Costas Bliantúil	Dáta Gníomh
1	**Stádas Oifigiúil**			
1.1	**Deimhnítear go bhfuil an Ghaeilge ar cheann de na teangacha oifigiúla ó Thuaidh (Béarla an ceann eile.)**	0	0	Láithreach
2	**Lárionad Aistriúcháin**			
2.1	**Rannóg Lárnach Aistriúcháin a bhunú in Oifig an Fheidhmeannais** Foireann de dheichniúr fostaithe le feidhmiú mar a bheadh crann taca ann do na comhlachtaí poiblí ar fad. Aistritheoir sinsearach, agus foireann d' ateangairí agus aistritheoirí le saineolas ar an dlítheanga ag obair leo. D'éascódh siad comhfhreagras, Gaeilge sa Tionól, agus an aistriúchán ar bhillí agus ar fhoilseacháin eile a bheadh á dhéanamh ag níos mó ná 100 comhlacht poiblí. Go mbeadh an seirbhís in san aonad seo ag leibheáil le go dtiocfadh le daoine a bheith ag brath ar na comhlachtaí poiblí a ndualgais a chomhlíonadh go sásúil. Má dhéantar infheistiú ceart in sa lárionad seo, is mó airgead a shabháiltear ar na gnéanna ar fad eile san Acht.	£100,000 Costas bunaithe	£500,000 Foireann measta: 2 ateangaire 2 dlí aistritheoirí 5 aistritheoir 1 Stiúrthóir	Láithreach
3	**Gaeilge sa Tionól**			
3.1	**Go mbeadh sé de cheart ag aon CTR nó ball den phobal an Ghaeilge a úsáid agus iad ag dul i mbun díospóireachta sa Tionól, nó mar chuid de obair choistí & fó-choistí Stormont**. Nach gcuirfeadh seo bac orthu siúd a úsáideann an Ghaeilge tríd ateangaireacht comhuaineach curtha ar fáil i gcónaí.	£50,000 Córas Ateangaireachta a chur isteach	Costas faoi 2.1	Láithreach
3.2	**Billí a aistriú go comhuaineach sa Tionól**. Go mbeadh achan chéim de phróiseas bille nua a chur le chéile ar fáil i nGaeilge. Leanann seo rialacháin i bParlaimint na hEorpa. Déanfaidh sé níos fusa é an bille críochnaithe a fhoilsiú i nGaeilge a luaithe is atá sé réidh, agus ligfidh sé de pháirtithe leasmhara bheith plé leis an phróiseas ar fad i nGaeilge ar dhóigh i bhfad níos éifeachtaí.	0	Costas faoi 2.1	Taobh istigh de chúig bliana

Breakdown of the Act

	Explanation of the different sections of the Act	Starting cost or One Off Costs	Yearly Costs	Working Date
1	**Official Status**			
1.1	**It is affirmed that Irish is one of the official languages in the North (English as the other.)**	0	0	Immediately
2	**Translation Centre**			
2.1	**To establish a Central Translation Department in the Office of the Executive.** A staff of ten employees to function as support for the public companies. A Senior translator, and a team of interpreters and translators with expert knowledge on law termonolgy. They would facilitate correspondence in Irish in the Assembly, and a translation of bills and other publications that would have to be done by more than 100 public companies. The service in this unit should be at a level that the people can depend on public companies to fulfil their responsibilities to a satisfactory level. If the right investment is made in this centre, more money will saved on other aspects of the Act.	£100,000 Set-Up Cost	£500,000 Estimated Staff: 2 Interpreters 2 Law translators 5 Translators 1 Director	Immediately
3	**Irish in the Assembly**			
3.1	**Any MLA or member of the public should have the right to use Irish when they are engaging in debates in the Assembly, or as part of the work of committees and subcommittees of Stormont.** Through the provision of simultaneous translation, those who use Irish should not be disadvantaged in any way.	£50,000 To install an interpretation system	Cost below 2.1	Immediately
3.2	**Simultaneously Translation of Bills in the Assembly.** That every step of the new bill process is available in Irish. This follows European Parliament rules. This will make it easier to publish the bill in Irish as soon as it is ready, and it will allow the stakeholders to progress the process in Irish in much more effective manner.	0	Cost below 2.1	Within five years

4	Comhlachtaí Poiblí			
4.1	**Iniúchadh foirne.** Sprioc an Achta seo ná cearta reachtaíochta a thabhairt do Ghaeilgeoirí an Tuaiscirt, ach sin a dhéanamh ar bhonn phraiticiúil, oiread agus is féidir. Mar sin de, an chéad chéim na iniúchadh a dhéanamh ar fhoireann na seirbhísí poiblí le leibhéil Ghaeilge a mheas, ar mhaithe le bearnaí agus féidearthachtaí a mheas. Bheadh an iniúchadh déanta ar bhonn inmheánach, ach é bheith comhordaithe ag an Choimisinéir Teanga (CT).	0	Costas faoi dhualgas an CT	Láithreach
4.2	**Rangú ar na comhlachtaí bunaithe ar mhéid teagmhála a bhíonn acu leis an phobal, lonnaíocht na n-oifigí, éileamh áitiúil agus eile.** Bheadh liosta dualgais tugtha dóibh bunaithe ar an rangú sin. M.sh. bíonn an Comhairle Ealaíon ag plé leis an phobal go mion minic, ach is ar éigean go mbeadh aon phlé ag an 'Rivers Agency' leis an phobal. Mar sin de, bheadh dualgais/tosaíochtaí difriúla ag an chomhairle ealaíon ná mar a bheadh ag an Rivers Agency. Bheadh an rangú seo faoi stiúr an Choimisinéir Teanga. (Féach Aguisín 1)	0	Costas faoi dhualgas an CT	Láithreach
4.3	**Plean Oiliúna ar Úsáid & Ardú Feasachta na Gaeilge.** Go mbeidh plean oiliúna ar úsáid agus ardú feasachta na Gaeilge curtha i bhfeidhm in achan chomhlacht poiblí. Tá seo bunaithe ar an tuiscint go mbeidh oiliúint agus ardú feasachta de dhíth de bharr na hathruithe reachtúla a thagann leis an Acht seo, agus an tuiscint go laghdódh a leithéid d'oiliuint costais sa todhchaí. Freagrachtaí oiliúna: Costas aon uaire, ar nós traenáil cosaint pháistí nó traenáil ar chúrsaí comhionannais dírithe ar impleachtaí na hAchta don cuir chuige agus modhanna oibre na gcomhlachtaí poiblí.	£100,000 Costas oiliúna aon uaire - (Dearadh cúrsa, acmhainní agus soláthar cúrsa)	£100,000	Láithreach
4.4	**Cúrsaí Oiliúna Gaeilge** Cúrsaí dírithe ar fhoghlaim na Gaeilge ar fáil d'oibrithe na gcomhlachtaí poiblí. Bheadh seo oscailte d'oibrithe ó ghach cúlra, agus ag freastal ar achan leibheáil Gaeilge, (agus go háirithe iad siúd nach raibh aon teagmháil acu leis an Ghaeilge roimhe seo.)	0	€322,500 (bunaithe ar ~500 duine sa bhliain ag tabhairt faoi chúrsaí don earnáil phoiblí ó Ghaelchultúr – sin €3,220 an chomhlacht poiblí. Dar ndóigh, d'fheadfadh an Gael Acadamh in ann an cúram seo a chomhlíonadh nuair a bhunófar é)	

4	**Public Companies**			
4.1	**Scrutiny of Staff.** The aim of this act is to give legislative rights to speakers in the North, and to do this on a practical basis as much as possible. Therefore, the first step is to scrutinise public service staff to ascertain their level of Irish, to establish gaps and possibilities. The scrutinising would be done internally, but would be coordinated by the Language Commissioner (LC).	0	Cost of paying the Language Commissioner	Immediately
4.2	**Classification of the companies based on the amount of communication they have with the public, location of the officers, local demand and others.** A list of duties will be provided for the above based on that classification. E.g The Arts Council is often engaged with the public, but the Rivers Agency seldom have any engagement. Therefore, the Arts Council would have different duties/priorities than the Rivers Agency. This classification would be under the control of the Language Commissioner. (See addition 1)	0	Cost of paying the Language Commissioner	Immediately
4.3	**Training plan on the use and promotion of Irish Language awareness.** A training plan should be implemented on the use and promotion of Irish Language awareness in every public company. This is based on the understanding that training and promotion is needed because of the statutory changes that come with this act, and with the understanding that the cost of training will decrease in the future. Training responsibilities: One-off cost, such as child protection training or equality training focused on the implications regarding the approach and methodologies of the public organisations.	£100,000 One-off cost of training - (Design of course, resources agus supply of courses.)	£100,000	Immediately
4.4	**Irish Language Training Courses** Provide courses focused on teaching Irish to workers in public bodies. This will be open to workers from every background, and will be available for every level of Irish, (Especially those who had no contact with Irish before.)	0	€322,500 Based on 500 people per year taking courses of the public sort from Irish Culture - €3,220 per public company. However, there is a chance that the Irish Academy will be able to share this responsibility when it is founded.)	

4.5	**Go mbeidh an ceart ag aon saoránach comhfhreagras trí Ghaeilge le Ranna agus comhlachtaí Stáit** Le cinntiú go mbeidh seirbhís sásúil cuimsitheach agus gasta ar fáil d'aon saoránach a dhéanann comhfhreagras le haon Roinn nó Comhlacht Stáit, moltar go gcuirfear lárionad aistriúcháin ar bun.	0	Faoi chúram an 'Rannóg Lárnach Aistriúcháin'mar atá molta thuas	Láithreach
4.6	**Suíomhanna Gréasáin, Stáiseanóireacht, Foirmeacha srl. ar fáil trí mheán na Gaeilge.** Go minic is iad na rudaí sin is mó a úsáideann daoine le bheith ag plé le comhlachtaí poiblí, agus mar sin de tá sé tábhachtach iad a bheith ar fáil i nGaeilge. Is féidir bunús na hathruithe seo a chur i bhfeidhm de réir a chéile, nuair atá an comhlacht ag déanamh uasdátú nádúrtha ar stoc/córas s'acu féin nó nuair a ídítear an stoc reatha acu agus caithfear stoc breise nua a fháil. M.sh nuair a ritheann stoc stáiseanóireachta an chomhlachta amach, ordaíonn siad stáiseanóireacht dátheangach. Stáiseanóireacht: líon an-bheag focal. Beidh costas aon uaire ag an tús leis na córais cuí a chur i bhfeidhm, agus le hábhair srl. a aistriú. Is obair sin a ba chóir tairiscintí a chur amach fána choinne. I ndiaidh sin, titfidh gnáthchostais na ndualgas seo ar fhoireann na gcomhlachtaí agus an lárionad aistriúcháin, agus mar gheall ar oiliúint agus ar an obair a dhéantar, ba chóir go n-ísleodh an costas bliain i ndiaidh bliana.	£750,000 - £1,000,000[1] Uascostas aon uaire ar ábhar seasta shuíomhanna idirlíon a aistriú Bunús Foirmeacha aistrithe mar chuid de aistriú na suíomhanna. Costas aistrithe an stáiseanóireachta faoi chúram an Lárionad, agus líon an-bheag focal i gceist anseo. Costas aon uaire.	Baineann costas bliantúil le rudaí a phriontáil agus ábhar nua a aistriú, agus beidh sé seo laghdaithe go mór mar gheall ar an phróiseas cur i bhfeidhm (oiliúint, iniúchadh, agus uasdátú nádúrtha). Thitfeadh monatóireacht rialta agus leasuithe srl...faoi chúram an lárionad aistriúcháin, agus mar sin de, thitfeadh an costas fúthu chomh maith.	De Réir a Chéile,ag brath ar an rangú a dhéantar ar an chomhlacht faoi leith agus moltaí an CT, ach uasteorann 6 bliana
4.7	**Cinntiú go bhfuil Gaeilgeoirí ag teacht fríd an earnáil poiblí**. Beidh dualgais nua ar chomhlachtaí poiblí (féach 4.3, 4.4, 4.5, 4.6) agus beidh daoine le Gaeilge de dhíth, nó ina chuidiú mhór, le próiseas comhlíonta na bhfreagrachtaí sin a éascú. Ba chóir seo a bhunú ar chur chuige na Breataine Bige, áit a bhfuil dualgais ann ar ghá a chomhlíonadh, agus mar sin de is gá go bhfuil na fostaithe ábalta chuig na dualgais sin. Bheadh siad in ann achan rud eile a dhéanamh, ach san am chéanna, an obair bhreise ó thaobh na Gaeilge de a dhéanamh chomh maith. Ba chóir go mbeidh Gaeilge labhartha agus scríofa ag ar a laghad 10% do dhaoine a cheapfar amach anseo. Ach socrófar an céatadán deiridh do gach rannóg/comhlacht poiblí ar an rangú a dhéantar ag an Choimisinéir Teanga (féach Rannóg 9)	0	0	De réir a chéile, bunaithe ar iniúchadh an CT, ar cur i bhfeidhm polasaithe, agus ar bhearnaí aimsithe.

4.5	**Every citizen should be entitled to communicate through the medium of Irish with State Departments and bodies.** To ensure that a satisfactory and comprehensive service is available to any citizen who makes contact with a State Body or Department, it is recommended that a Translation Centre is established.	0	Under the auspices of the 'Central Translations Department' as mentioned above.	Immediately
4.6	**Availability of Websites, Stationary, Forms, etc, in Irish** These are regularly the most often used by the public when dealing with public bodies, and it is important that these are available in Irish. The majority of these changes can be implemented gradually, when the body is conducting its natural update of stock/ systems or when stocks run out and new stock has to be ordered. For example, when stationary stock runs out, new stock must be ordered, so that body should order bilingual stationary. Stationary: Very small amount of words. The one off costs of implementing such a system and of translating subject matter, etc, will be small. This type of work should be put out to tender. Subsequently, the normal costs of these duties will fall to the staff of the bodies and the Translation Unit, and as a result of the work that it done, the costs should decrease year after year.	£750,000 - £1,000,000[1] Maximum one-off cost to translate permanent website material Majority of forms will be translated as part of translation of sites. Cost of translation of stationery responsibility of the Translation Centre, and this only involves a small amount of words. One-off cost	Yearly costs involve printing material and translating new material, and this will be considerably reduced as a result of the implementation process (training, investigation, and normally updating). Regularly monitoring and amendments will be the responsibility of the translation centre, and therefore, costs will also fall accordingly.	Gradually, depending on the categorisation within which the body falls and the recommendations of the Language Commissioner, and a maximum of 6 years.
4.7	**Ensure that Irish speakers are progressing in the public sector.** Public bodies will have a new duty (see 4.3, 4.4, 4.5, 4.6) and Irish speakers will be required, or will be a great asset, in the process of facilitating these duties. This should be based on the Welsh approach, where duties must be adhered to, and therefore there is a need for employees who are able to perform these duties. They would be able to perform every other duty, but at the same time, be able to complete extra work involving Irish. 10% of those who are appointed should have both spoken and written Irish in the future. The final percentage, however, for every department/ public body will be decided upon according to the categorisation by the Language Commissioner. (see Section 9)	0	0	Gradually, based on the Language Commissioner's investigation, on the implementation of policy and of the gaps identified.

5	Rialtas Áitiúil			
5.1	**Seirbhísí trí Ghaeilge a chur ar fáil trí sholáthar díreach, nó trí aistriúchán más gá:** ● Comhfhreagras (féach 4.5) ● Úsáid na Gaeilge i Seomraí na gComhairlí (bunaithe ar mhúnla an tionóil agus go dtógfar seo isteach de réir a chéile) ● Úsáid ainmneacha Gaelacha leis na comhairlí ● Éascú deiseanna foghlamtha Gaeilge agus imeachtaí cultúrtha trí Ghaeilge a reáchtáil ● Foirmeacha don phobal a bheith ar fáil trí Ghaeilge ● Seirbhísí níos leithne bheith ar fáil trí Ghaeilge (Is féidir go leor de seo a dhéanamh trí iniúchadh a dhéanamh ar an fhoireann reatha agus iad siúd le scileanna teanga a chur I dtreo na hoibre seo. Aon áit a bhfuil bearna aitheanta, is féidir seo a líonadh trí earcaíocht de réir mar a thagann postanna aníos.)	0 Níl gá le costas tosaithe/aon uaire anseo nó tá an obair seo á dhéanamh ag roinnt comhairlí áitiúla mar atá, mar sin de tá an infreastruchtúr ann cheana féin agus ní gá anois ach an obair chéanna á dhéanamh sna comhairlí ar fad.	£500,000 Múnla céanna le Rannóg a 4 Tá roinnt den obair seo á dhéanamh cheana féin, agus mar sin de, bheadh réime costais ag baint le seo, ag brath ar: a) cad atá siad ag déanamh faoi láthair; b) líon na gcainteoirí i bpobal na gcomhairlí iad féin. As an 11 ollchomhairle tá 7 gComhairle a chaitheann roinnt airgid cheana féin.	Láithreach
5.2	**Polasaí Gaeilge mar atá molta ag an Chairt Eorpach** Go gcuirfear Polasaí Gaeilge i bhfeidhm in achan comhairle ó thuaidh, a sholáthraíonn 'gníomhartha diongbháilte' mar atá molta ag an Chairt Eorpach. Ba choir seo a dhéanamh i gcomhairle le Foras na Gaeilge agus bunaithe ar riachtanais an phobal Gaeilge áitiúil agus ar mholtaí an Chairt Eorpach. Go gceapfar oifigeach Gaeilge ag achan comhairle chun an pholasaí a chur i gcrích agus go gcuireann na comhairlí maoiniú ar fáil do ghrúpaí seachtracha le haghaidh imeachtaí Gaeilge a reáchtáil.	Ní airgead breise atá i gceist anseo. Tá an obair ar siúl cheana féin de bharr an Chart Eorpacha. Go gcuireann siad á gcuid dualgais reatha i bhfeidhm - mar atá 5 chomhairle a dhéanamh cheanna.	Ní airgead breise atá i gceist anseo. Tá an obair ar siúl cheana féin de bharr an Chart Eorpacha	Láithreach

5	**Local Government**			
5.1	**Provide services through Irish through a direct provision, or through translation where necessary:** ● Correspondence (see 4.5) The use of Irish in Council Chambers (based on the structure of the assembly and that this will be gradually introduced) ● The use of Irish language names with the councils ● Facilitate Irish Language learning opportunities and organise cultural events through Irish. ● Forms for the public available in Irish ● Wider services available in Irish. (A considerable part of this can be done through investigation of current staff with the allocation of those with language skills towards this kind of work. Anywhere where gaps exist, this can be filled through recruitment as jobs arise)	0 A one-off or starting cost is not required because this work is being done by some of the councils as it is, and therefore the required infrastructure is already in place, and all that is needed now is for the work to be extended to all the councils.	£500,000 Same structure as Section 4. Some of this work is already being done, and therefore, a range of costs are associated, depending on: a) what they are doing at present; b) the number of speakers in the community of the given council From the 11 supercouncils there are 7 councils who spend some money already.	Immediately
5.2	**Irish Language Policy as recommended by the European Charter** An Irish Policy, as encouraged by the European Charter, should be implemented in every council in the North that sets out a scheme for providing 'worthwhile activities'. This should be done in collaboration with Foras na Gaeilge and based on the needs of the local Irish community on the advice of the European Charter. That every council employs an Irish officer to complete and coordinate their policies, and also make grants available for external groups to organise Irish language events.	There is no extra money involved here. The work is ongoing already as a result of the European Charter. That they implement their administrative duties – much like the other 5 councils are doing.	There is no extra money involved here. The work is ongoing already as a result of the European Charter.	Immediately

6	**Gaeilge sna Cúirteanna**			
6.1	**Deis labhartha láithreach.** Acht 1737, a chuireann cosc ar labhairt na Gaeilge sna cúirteanna, aisghairm láithreach. Faill a thabhairt do dhaoine a gcuid fianaise a thabhairt i nGaeilge, gan aon bhac nó míbhuntáiste don té a úsáideann í. Tá córas ateangaireachta ann sa Chúirt mar atá le gur féidir fianaise a chluinstin i roinnt teangacha nach iad an Béarla iad, ach níl an Ghaeilge ina measc faoi láthair. Bheadh sé an-simplí an seirbhís seo a chur ar fáil don Ghaeilge. Má bhíonn duine ar bith ag iarraidh foirmeacha a úsáid/líonadh as Gaeilge go mbeidh na cúirteanna in ann an tseirbhís aistriúcháin a úsáid. Ós rud é gur comhlacht poiblí iad, titeann an tSeirbhís Chúirteanna & Binsí faoi Rannóg 4.	0	£10,000[2] Tá comhlacht a chuireann an ateangaireacht ar fáil sna cúirteanna mar atá – costas an-bheag i gceist leis an Ghaeilge a chur le liosta na dteangacha ateangaireachta acu.	Láithreach
6.2	**Imeachtaí Cúirte trí Gaeilge** Cead a thabhairt imeachtaí cúirte ar nós Cúirteanna Teaghlaigh srl. a dhéanamh trí Ghaeilge má aontaíonn an dá pháirtí. Tá cleachtas ann mar atá le breithiúna a fháil 'ar iasacht' ón deisceart le bheith i gceannas ar roinnt cásanna cúirte. Níl de dhíth anseo ach chun an scéim sin a leathnú le gur féidir breithiúna le Gaeilge a fháil ar iasacht sa chás nach bhfuil ceann le Gaeilge ar fáil ó thuaidh cheana féin. Chun an foráil seo a éascú, thiocfadh 'Lá Gaeilge' a reachtáil sa chúirt uair sa mhí. Shabhálfadh sin costas nó, mar shampla, ní bheadh ach an cléireach cúirte amháin de dhíth don lá ar fad. Bheadh na cásanna seo ag tarlú cibé, beag beann ar an teanga labhartha, agus mar sin tagann aon chostas breise ón gá le breitheamh & cléireach cúirte le Gaeilge.	0	Buiséad de £50,000 sa bhliain idir 6.2 agus 6.3 leis na forálacha sin a éascú	Taobh istigh de 5 bliana
6.3	**Caigne Sibhialta** Cead caigne sibhialta a ghlacadh i gcoinne an Stáit trí Ghaeilge. Sin é, go mbeadh imeachtaí na gcúirteanna sna cásanna sin trí Ghaeilge más sin an rud a ba mhaith leis an ghearánaí. Is féidir an cur chuige céanna le 6.2 a úsáid leis an bhonneagar riachtanach don fhoráil seo a chur i bhfeidhm	0	Buiséad de £50,000 sa bhliain idir 6.2 agus 6.3 leis na forálacha sin a éascú	Taobh istigh de 5 bliana
7	**Limistéir Gaeltachta/Líonra Gaeilge**			
7.1	**Aitheantas ón Fheidhmeannas.** Go mbeadh aitheantas reachtúil ann do cheantair ar an mhúnla céanna a fhaightear ó dheas. Beidh maoiniú na gceantar ag teacht ó Fhoras na Gaeilge mar atá sé ó dheas do na gréasáin Gaeilge ansin.	0 – Tá na critéir ann cheana féin	0	Láithreach

6	**Irish in the Courts**			
